# Nuacht Litir

# Cáisc 2014

Bhí téarma gnóthach againn arís!

**Peeps**

Tháinig Aoife ón gClár Críochnú Scoile chuig na scoile le gníomhachtaí éagsúla a dhéanamh le Naíonáin Bheaga. Bhain said an-sásamh as. Míle buíochas Aoife!



**Snámh**

Chuaigh an scoil isteach go dtí an Kingfisher ar feadh 6 seachatine. Bhí ranganna snámha ag na gasúir agus tá siad faighte i bhfad níos muiníneach san uisce anois.



**Boston Tea Party 7/2/14**

Bhí an-oíche ag chuile dhuine i Mí Feabhra seo caite. Bhí neart le n-ithe, damhsa, ceol agus spraoi. Rinne muid €2,996 brabach ar an oíche agus beidh an t-airgead seo ar fad ag dul i dtreo Scéim Leabhra ar Chíos a

bheidh ag tosnú i Mí Meán Fómhair le cúnamh Dé!



**An Chéad Fhaoistin**

Comhghairdeas mór le Aliaya, Caoimhe, Christina, Cormac Dearbhlá agus Marcus a rinne an Chéad Fhaoistin ar an 6ú Márta.

**Coirm Gael Linn**

Chuaigh na gasúir ón mbunrang chuig Amharclann na Cathrach ar an 13ú Márta. Chuir siad an dráma 'Gasúir Santaí' ar stáiste agus bhí siad iontach. Thug siad dhá dhuais abhaile leo agus bhí an-lá acu!

**Lá Fhéile Pádraig**.

Bhí an-spraoi agus spórt ag an scoil ar Lá Pádraig. Bhí Willy Wonka agus na Oompa Loompas againn, bhí mamó agus daideó Charlie ag dul timpeall sa leaba, bhí na gasúir ag seinnt ar na féadóga agus ag canadh amhráin! Cuireadh an-obair go deo isteach sa bparáid agus bhuaigh muid an dara h-áit. Déanfaidh muid rud éigin deas leis an €75 a bhuaigh muid sa 3ú téarma le cúnamh Dé. Maith sibh!



**Comórtas Scríobh Leabhar 2014**

Ghlac an scoil páirt i gcomórtas Scríobh Leabhar arís i mbliana agus chuireadar leabhra álainn le chéile. Comhghairdeas le Dean Mac Donnacha Ó Mainín, Caoimhín Castillo Ó Ceitinn, Diarmad Ó Fátharta, Cian Breathnach, Cormac Mac Donnacha, Marcus Ó hÉaluithe,Tomás Óg Mac Donnacha, Lorcán Ó Curraoin, Elyssa Nic Donnacha, Rachel Baireád agus Martin Joe Ó Donnchadha a fuair gradam. Maith Sibh!

Tá súil againn go mbeidh Cáisc iontach agaibh agus bainigí sult as an sos. Ag guí Cáisc Shona oraibh ar fad.